



An Bhruiséil, 27 Aibreán 2026
(OR. en)

8625/26

AGRI 318
AGRIFIN 88
AGRIORG 63
DELECT 81

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	27 Aibreán 2026
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	C(2026) 2690 final
Ábhar:	RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN an 27.4.2026 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891 a mhéid a bhaineann le fógraí na mBallstát maidir le praghsanna táirgthe torthaí agus glasraí ar an margadh inmheánach

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 2690 final.

Faoi iamh: C(2026) 2690 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 27.4.2026
C(2026) 2690 final

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN

an 27.4.2026

**lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891 a mhéid a bhaineann le fógraí
na mBallstát maidir le praghsanna táirgthe torthaí agus glasraí ar an margadh
inmheánach**

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013¹ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta, cumhachtaítear an Coimisiún gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme áirithe a ghlacadh chun an margadh i dtáirgí talmhaíochta a anailísiú agus a bhainistiú agus trédhearcacht an mhargaidh a áirithiú.

Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891² ón gCoimisiún ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, bunaítear, i measc nithe eile, an oibleagáid atá ar na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún faoi phraghsanna táirgthe torthaí agus glasraí áirithe.

Le hIarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891 ón gCoimisiún ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle leagtar síos na táirgí, na cineálacha, na méideanna, na léirithe agus na margaí ionadaíochta i ndáil leis an bhfógra praghais dá dtagraítear in Airteagal 55(1) den rialachán sin. Ní chuimsítear gairleog san Iarscríbhinn sin.

Le Rialachán (AE) 2026/687³ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, lena gcuirtear chun feidhme na clásail choimirce dhéthaobhacha i gComhaontú Comhpháirtíochta AE-Mercosur agus i gComhaontú Trádála Eatramhach AE-Mercosur le haghaidh táirgí talmhaíochta, sonraítear nach mór don Choimisiún faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí i bpraghsanna i gcás táirgí íogaire a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis. Aithnítear gur táirge íogair í an ghairleog. Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891 ón gCoimisiún a leasú dá réir sin.

Níl aon impleacht airgeadais i gceist le glacadh an ghnímh tharmligthe seo.

2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Rinneadh plé, ina raibh saineolaithe ó gach ceann de na 27 mBallstát páirteach, laistigh den Ghrúpa Saineolaithe um Chomheagrú na Margaí Talmhaíochta, agus sin faoin bhfoghrua Táirgí gairneoireachta. Chuir an Coimisiún an dréachtghníomh tarmligthe i láthair agus pléadh é le saineolaithe ag an gcruinniú a tionóladh an 30 Márta 2026. D'fhéadfadh saineolaithe ó Pharlaimint na hEorpa a bheith rannpháirteach mar bhreathnóirí sna cruinnithe sin.

3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Tá an gníomh tarmligthe seo bunaithe ar Airteagal 223 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.

¹ Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 671, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1308/oj>).

² Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891 ón gCoimisiún an 13 Márta 2017 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hearnáil na dtorthaí agus na nglasraí agus earnáil na dtorthaí agus na nglasraí próiseáilte agus lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le pionóis atá le cur i bhfeidhm sna hearnálacha sin agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 543/2011 ón gCoimisiún (IO L 138, 25.5.2017, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2017/891/oj).

³ Rialachán (AE) 2026/687 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2026 lena gcuirtear chun feidhme na clásail choimirce dhéthaobhacha i gComhaontú Comhpháirtíochta AE-Mercosur agus i gComhaontú Trádála Eatramhach AE-Mercosur le haghaidh táirgí talmhaíochta (IO L, 2026/687, 19.3.2026), ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2026/687/oj>

Leis an ngníomh tarmligthe leasaítear Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891 ón gCoimisiún trí liosta na dtáirgí a thabhairt cothrom le dáta, ar táirgí iad nach mór na praghsanna atá orthu a chur in iúl don Choimisiún.

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN

an 27.4.2026

lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891 a mhéid a bhaineann le fógraí na mBallstát maidir le praghsanna táirgthe torthaí agus glasraí ar an margadh inmheánach

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle, agus go háirithe Airteagal 223(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Is ón 1 Bealtaine 2026 ar aghaidh a chuirfear i bhfeidhm Rialachán 2026/687 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena gcuirtear chun feidhme na clásail choimirce dhéthaobhacha i gComhaontú Comhpháirtíochta AE-Mercosur agus i gComhaontú Trádála Eatramhach AE-Mercosur le haghaidh táirgí talmhaíochta. Le hAirteagal 4 den Rialachán sin ceanglaítear ar an gCoimisiún faireachán a dhéanamh ar roinnt táirgí íogaire ar mhargadh an Aontais, go háirithe a mhéid a bhaineann le treochtaí allmhairiúcháin agus onnmhairiúcháin agus forbairtí i dtáirgeacht agus praghsanna.
- (2) San Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán 2026/687 liostaítear gairleog i measc na dtáirgí íogaire. Chun faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí i bpraghsanna ar mhargadh an Aontais, is gá go mbeadh rochtain thráthrialta ag an gCoimisiún ar phraghsanna taifeadta le haghaidh gairleoige.
- (3) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891 ón gCoimisiún, ceanglaítear ar na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún faoi phraghsanna táirgthe a thairfeadtar ar an margadh inmheánach le haghaidh na dtorthaí agus na nglasraí a liostaítear in Iarscríbhinn VI, nach gcuimsítear gairleog inti.
- (4) Chun na ceanglais faireacháin a leagtar amach i Rialachán 2026/687 a chomhlíonadh, ba cheart, dá bhrí sin, gairleog a chur le hIarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891 ón gCoimisiún.
- (5) Ós rud é gur ón 1 Bealtaine 2026 a chuirfear i bhfeidhm na clásail choimirce dhéthaobhacha i gComhaontú Comhpháirtíochta AE-Mercosur agus i gComhaontú Trádála Eatramhach AE-Mercosur, ba cheart an Rialachán Tarmligthe seo a theacht i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe san Iris Oifigiúil,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891 ón gCoimisiún mar a leanas:

In Iarscríbhinn VI, cuirtear an ról seo a leanas le deireadh an tábla:

'Gairleog	Gach cineál	Méid 45-60 mm pacáistí thart ar 2- 5 kg	an Spáinn an Fhrainc an Iodáil an Rómáin an Phortaingéil an Pholainn'
-----------	-------------	---	--

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 27.4.2026

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN